AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2011 (27.01)**
**(OR. en)**

**EUCO 30/1/10**
**REV 1**

**CO EUR 21**
**CONCL 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | **AN CHOMHAIRLE EORPACH**<br>**16-17 NOLLAIG 2010**<br><br>**CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo conclúidí na Comhairle Eorpaí (16-17 Nollaig 2010).

*Ó thosaigh an ghéarchéim tá gníomh déanta go diongbháilte againn leis an gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus le go bhféadfar filleadh ar an bhfás inbhuanaithe. Coinneoimid orainn á dhéanamh seo agus is treisede a bheidh an AE agus an limistéar euro agus é ag teacht as an ngéarchéim.*

*Is ag feabhsú atá na hionchais fáis agus tá bonn maith faoi gheilleagar na hEorpa. Tá a dtairbhe cruthaithe ag na huirlisí cobhsaíochta sealadacha a cuireadh ar bun níos luaithe i mbliana, ach léiríodh leis an ngéarchéim nach bhféadfaimis luí ar na maidí. Sin é an fáth ar aontaíomar inniu téacs an leasaithe theoranta atá le déanamh ar an gConradh maidir le buansásra a bhunú a bheidh ann amach anseo chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú.*
*Ba cheart don leasú seo teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Dhaingníomar an athuair ár dtiomantas teacht ar chomhaontú faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2011 i dtaobh na dtograí reachtacha maidir leis an rialachas eacnamaíoch, agus é d'aidhm againn piléar eacnamaíoch an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhaingniú agus leanúint orainn le cur chun feidhme straitéis Eoraip 2020.*

## I. AN BEARTAS EACNAMAÍOCH

1. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an tuarascáil a thíolaic a hUachtarán ag eascairt as a conclúidí an 28 agus an 29 Deireadh Fómhair 2010. D'aontaigh sí gur cheart an Conradh a leasú d'fhonn go mbunódh Ballstáit an limistéir euro buansásra chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a chosaint (an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht). Gabhfaidh an sásra seo ionad na Saoráide Eorpaí um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus an tSásra Eorpaigh um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM), a fhanfaidh i bhfeidhm go dtí mí an Mheithimh 2013. Ós rud é gur chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a chosaint a dearadh an sásra seo, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach nach mbeidh gá níos mó le hAirteagal 122(2) CFAE chun na gcríoch sin. D'aontaigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais, dá bhrí sin, nár cheart go mbainfí úsáid as chun críocha den sórt sin.

2. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh lena leasaítear an CFAE, téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Shocraigh sí go gcuirfeadh sí tús láithreach leis an nós imeachta simplithe um athbhreithniú dá bhforáiltear in Airteagal 48(6) CAE. Ba cheart dul i gcomhairle in am leis na hinstitiúidí lena mbaineann ionas go mbeifear in ann an cinneadh a ghlacadh go foirmiúil i mí Márta 2011, ionas go bhféadfar na nósanna imeachta náisiúnta um fhormheas a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2012 agus ionas go dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013.

3. Chomh maith leis sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar Airí Airgeadais an limistéir euro agus ar an gCoimisiún bailchríoch a chur, faoi mhí Márta 2011, ar an socrú idir-rialtasach lena mbunófar an sásra a bheidh ann amach anseo, agus na gnéithe uile a leagadh amach sa ráiteas a rinne an Grúpa Euro an 28 Samhain 2010, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach (Iarscríbhinn II), á gcur san áireamh ann. Déanfar an sásra a ghníomhachtú le comhthoil na mBallstát sa limistéar euro i gcás ina mbeidh cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine i mbaol.

4. Féadfaidh na Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu lámh a bheith acu san obair seo, má thograíonn siad. Féadfaidh siad a chinneadh go mbeidh siad rannpháirteach, ar bhonn ad hoc, in oibríochtaí a sheolfar leis an sásra.

5. D'iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair ar na sé cinn de thograí reachtacha maidir leis an rialachas eacnamaíoch, ag tógáil ar na moltaí ón Tascfhórsa a formhuiníodh i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo, agus gan aon dá leath á dhéanamh dá ndícheall ionas go bhféadfaí iad a ghlacadh faoi mhí Meithimh 2011. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an tuarascáil ón gComhairle maidir leis an gcaoi ina ndéileálfaí le hathchóiriú uilechórasach na bpinsean faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus d'iarr sí go léireofaí an tuarascáil sna sonraíochtaí ar chur chun feidhme an CCF athchóirithe.

6. Agus an Chomhairle Eorpach ag meabhrú chonclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2010, dúirt sí go raibh sí ag súil le rún an Choimisiúin tograí a dhéanamh, faoi mhí Meithimh 2011, le haghaidh an chreata ilbhliantúil nua airgeadais agus d'iarr sí ar na hinstitiúidí oibriú as lámh a chéile le go bhféadfaí an creat sin a ghlacadh go luath.

7. Is í an straitéis nua do phoist agus don fhás, Eoraip 2020, a bheidh fós mar threoir ag an Aontas agus ag na Ballstáit nuair a bheidh aghaidh á tabhairt ar an ngéarchéim acu agus nuair a bheidh na hathchóirithe struchtúrtha á gcur chun cinn acu. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an dul chun cinn a rinneadh ó seoladh an straitéis, mar a léirítear sa tuarascáil a thíolaic an Uachtaránacht.

8. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an Ráiteas ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro agus ó institiúidí an AE (Iarscríbhinn III).

° ° °

## II. SAINCHEISTEANNA EILE

9. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an gcéad tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolaic an tArdionadaí maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh lena chomhpháirtithe straitéiseacha. Ar an mbonn seo, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an gComhairle Gnóthaí Eachtracha, togáil ar an obair seo i gcomhréir lena conclúidí i mí Mheán Fómhair 2010, leasanna coiteanna na hEorpa a leagan amach agus na bealaí go léir a bhféadfaí na leasanna sin a dhéanamh a shainaithint. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a bhreithniú uair sa bhliain, agus leagfaidh sí síos treoshuímh nuair is gá. Tugann seoladh an SEGS agus an ról comhordúcháin atá ag an SEGS an-deis le dlús a chur faoin obair seo.

10. Rinne an Chomhairle Eorpach formhuiniú ar a raibh i gconclúidí na Comhairle an 14 Nollaig 2010 maidir le méadú ar an Aontas agus d'aontaigh sí gur cheart stádas tíre iarrthóra a thabhairt do Mhontainéagró.

11. Cháin an Chomhairle Eorpach an foréigean a rinneadh ó bhí an dara babhta den toghchán uachtaránachta ann sa Côte d'Ivoire, go háirithe maidir le húsáid an fhoréigin i gcoinne sibhialtach an 16 Nollaig. D'iarr sé ar bhealach daingean ar na compháirtithe uile guaim a choinneáil orthu féin maidir lena gcuid gníomhartha. Mheabhraigh sé go raibh sé curtha in iúl ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta go raibh an Chúirt sin ar fáil chun daoine a bheadh i mbun gníomhartha foréigin den sórt sin a ionchúiseamh. D'iarr sé ar na ceannairí uile sa Côte d'Ivoire, na ceannairí sibhialtacha agus na ceannairí míliteacha araon nár chuir iad féin go fóill faoi údarás an Uasail Alassan Quattara, an tUachtarán a toghadh go daonlathach, é sin a dhéanamh anois. Dhearbhaigh sé go raibh rún daingean ag an AE bearta sriantacha sonraithe a dhéanamh i gcoinne na ndaoine a leanfadh orthu de bheith ag cur i gcoinne na toile ceannasaí a chuir muintir an Côte d'Ivoire in iúl.

12. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh an toradh rathúil a bhí ag an COP-16 in Cancun mar chéim thábhachtach sna hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ar fud an domhain chun an cuspóir maidir le fanacht faoi bhun méadú dhá chéim Celsius ar an teocht domhanda a chomhlíonadh, agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle a thabhairt ar aird go ndearnadh an straitéis a chomhaontaigh sé i mí Márta a chur chun feidhme go rathúil.

**IARSCRÍBHINN I**

**DRÉACHT-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

an...

**lena leasaítear Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le sásra cobhsaíochta le haghaidh na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu**

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 48(6) de,

Ag féachaint don togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chuir Rialtas na Beilge faoi bhráid na Comhairle Eorpaí an 16 Nollaig 2010,

[Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,[1]]

[Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,[2]]

[Tar éis di tuairim a fháil ón mBanc Ceannais Eorpach,[3]]

[1] Tuairim an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Tuairim an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[3] Tuairim an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 48(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ceadaítear don Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoimisiún agus, i gcásanna áirithe, leis an mBanc Ceannais Eorpach, cinneadh a ghlacadh lena leasaítear na forálacha i gCuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go hiomlán nó go páirteach. Maidir le cinneadh den sórt sin, ní fhéadfar na hinniúlachtaí a thugtar don Aontas leis na Conarthaí a mhéadú leis, agus tá de choinníoll lena theacht i bhfeidhm go ndéanfaidh na Ballstáit é a fhormheas ina dhiaidh sin i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

(2) D'aontaigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais, ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach a bhí ann an 28 agus an 29 Deireadh Fómhair 2010, go gcaithfeadh na Ballstáit buansásra géarchéime a bhunú le cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú agus d'iarr siad ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí dul i mbun comhairliúcháin le comhaltaí na Comhairle Eorpaí maidir le hathrú teoranta a chaithfí a chur ar an gConradh chuige sin.

(3) An 16 Nollaig 2010, chuir Rialtas na Beilge togra faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 48(6) CAE, le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Airteagal 136 CFAE trí mhír a chur isteach ann faoina bhféadfaidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu sásra cobhsaíochta a bhunú a bheidh le gníomhachtú má tá sé sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú agus ina luafar go mbeidh deonú aon chúnaimh airgeadais a bheidh ag teastáil faoin sásra faoi réir coinníollachta docht. An tráth céanna, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí maidir leis an sásra cobhsaíochta a bheidh ann amach anseo (mír 1 go mír 4).

(4) Leis an sásra cobhsaíochta, soláthrófar an uirlis is gá chun déileáil le cásanna ina mbeadh riosca ann do chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine, amhail na cásanna a bhí ann sa bhliain 2010, agus, dá bharr sin, cuideofar le cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais féin a choimirciú. Ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Nollaig 2010, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach, ós rud é go gceaptar an sásra seo chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú, nach mbeidh gá le hAirteagal 122(2) CFAE a thuilleadh chun na gcríoch sin. Dá bhrí sin, d'aontaigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais nár cheart é a úsáid chun na gcríoch sin.

(5) An 16 Nollaig 2010, chinn an Chomhairle Eorpach, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 48(6) CAE, go rachadh sí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún maidir leis an togra. Chinn sí freisin go rachadh sí i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach. [An [... dátaí ...], ghlac Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach, faoi seach, tuairimí maidir leis an togra.]

(6) Baineann an leasú le foráil atá i gCuid a Trí CFAE agus ní chuirtear méadú leis an leasú ar na hinniúlachtaí a thugtar don Aontas leis na Conarthaí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

"3. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu sásra cobhsaíochta a bhunú atá le gníomhachtú má tá sé sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú. Beidh deonú aon chúnaimh airgeadais atá ag teastáil faoin sásra faoi réir coinníollachta docht.”.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill d'Ardrúnaí na Comhairle faoi na nósanna imeachta a bheith tugtha chun críche acu maidir leis an gCinneadh seo a fhormheas i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír faighte, nó, ina éagmais sin, an chéad lá den mhí a leanfaidh an dáta a bhfaighfear an ceann deiridh de na fógraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh,

*Thar ceann na Comhairle Eorpaí*
*An tUachtarán*

---

**IARSCRÍBHINN II**

## GNÉITHE GINEARÁLTA DEN SÁSRA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO RÁITEAS ÓN nGRÚPA EURO AN 28 SAMHAIN 2010

"Léiríodh le deireanas gur aicíd thógálach í an anacair airgeadais agus gur gearr a thógann sé ar an anacair airgeadais i mBallstát amháin cobhsaíocht mhicrea-airgeadais an AE ina iomláine a chur i mbaol. Sin í an fhírinne, go mór mór i gcás an limistéir euro, áit a bhfuil na geilleagair, agus earnálacha an airgeadais go háirithe, fite fuaite ina chéile.

Ó bhuail an ghéarchéim seo sinn, tá sé léirithe ag Ballstáit an limistéir euro go bhfuil rún daingean acu gníomh cinntitheach, comhordaithe a dhéanamh le cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú, más gá, agus an fás a chur ar ais ar chosán na hinbhuanaitheachta.

Bunaíodh an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) chun go bhforálfaí do chúnamh leachtachta a thabharfaí go pras agus go héifeachtach, chomh maith leis an gcúnamh ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus a thabharfaí ar bhonn dianchlár de choigeartuithe ar an mbeartas eacnamaíochta agus fioscach a bheadh le cur chun feidhme ag an mBallstát a bheadh i gceist, agus lena n-áiritheofaí inbhuanaitheacht an fhiachais.

An 28 - 29 Deireadh Fómhair d'aontaigh an Chomhairle Eorpach go raibh gá le buansásra géarchéime chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú. D'aontaigh Airí an Ghrúpa Euro go mbeadh an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht (ESM) bunaithe ar an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus go bhféadfaí pacáistí cúnaimh airgeadais a thabhairt leis an ESM do Bhallstáit an limistéir euro faoi choinníollacha dochta, ag gníomhú i gcomhréir le rialacha an EFSF reatha.

Leis an ESM, déanfar comhlánú ar chreat nua an rialachais threisithe eacnamaíochta, agus beidh sé mar aidhm aici faireachas eacnamaíoch a dhéanamh a bheidh éifeachtach agus dian, a ndíreofar leis ar an gcosc agus a laghdófar leis an baol go mbeidh géarchéim eile amach anseo ann.

Déanfar coigeartú ar na rialacha le go bhforálfar go mbeidh na creidiúnaithe príobháideacha in ann a bheith rannpháirteach, ag brath ar an gcás, rud atá ag teacht go huile agus go hiomlán le beartais an CAI. I ngach cás, d'fhonn airgead na gcáiníocóirí a chosaint, agus le fógra glan géar a thabhairt do na creidiúnaithe príobháideacha gur éilimh shóisearacha iad a n-éilimh siúd le hais éilimh na hearnála oifigiúla, beidh stádas mar chreidiúnaí tosaíochta ag iasacht faoin ESM, gan sinsearacht uirthi ach ag an iasacht ón CAI.

Aon chúnamh a thabharfar do Bhallstát sa limistéar euro, beidh sé bunaithe ar dhianchlár de choigeartuithe eacnamaíocha agus fioscacha agus ar anailís chríochnúil a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach agus an CAI, i gcomhar leis an BCE, ar inbhuanaitheacht an fhiachais.

Ar an mbonn seo, glacfaidh Airí an Ghrúpa Euro cinneadh d'aon toil maidir le cúnamh a thabhairt.

I gcás tíortha a mheasfaí a bheith sócmhainneach, bunaithe ar an anailís a dhéanfadh an Coimisiún Eorpach agus an CAI, i gcomhar leis an BCE, ar inbhuanaitheacht an fhiachais, bheifí ag tathant ar na creidiúnaithe san earnáil phríobháideach a neamhchosaint a fhágáil mar atá, de réir na rialacha idirnáisiúnta agus i gcomhréir ghlan le cleachtais an CAI. Dá dtarlódh sé, gan choinne, go raibh an chosúlacht ar thír go raibh sí dócmhainneach, chaithfeadh an Ballstát sin plean cuimsitheach athstruchtúrúcháin a chaibidil lena chreidiúnaithe san earnáil phríobháideach, i gcomhréir le cleachtais an CAI d'fhonn inbhuanaitheacht an fhiachais a athshlánú. Más féidir teacht ar inbhuanaitheacht an fhiachais leis na bearta seo, féadfar cúnamh leachtachta a thabhairt faoin ESM.

D'fhonn an próiseas seo a éascú, déanfar clásail chaighdeánaithe, chomhionanna comhghníomhaíochta (CCGanna) a chur isteach, ó Mheitheamh 2013 ar aghaidh, i dtéarmaí agus i gcoinníollacha na mbannaí rialtais nua uile sa limistéar euro, ar chaoi go ndéanfar leachtacht an mhargaidh a chaomhnú. Bheadh na CCGanna sin ag teacht leis na CCGanna a bhíonn ann go minic i ndlí na Ríochta Aontaithe agus i ndlí na Stát Aontaithe, de réir thuarascáil an G10 ar CCGanna, agus bheadh clásail um chomhiomlánú iontu a gceadófaí dá réir na hionstraimí fiachais uile a bheadh eisithe ag Ballstát a bhreithniú i dteannta a chéile nuair a bheadh caibidlíocht á déanamh. Chiallódh sé seo go bhféadfadh na creidiúnaithe cinneadh trí thromlach cáilithe a ghlacadh lena n-aontófaí go gcuirfí athrú a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí ar na téarmaí íocaíochta (sos íocaíochta, an aibíocht a chur siar, an ráta úis a ghearradh agus/nó a bhearradh) i gcás nach mbeadh an fiachóir in ann íoc.

Déanfaidh na Ballstáit a dteanndícheall fad a bhaint as aibíocht na mbannaí a eiseoidh siad sa mheántéarma le go seachnófar beanna athmhaoiniúcháin.

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an BCE, meastóireacht in 2016 ar éifeachtacht fhoriomlán an chreata seo.

Tá sé ráite cheana againn, agus déarfaimid arís é, nach mbeidh éifeacht, as seo go dtí lár na bliana 2013, ag aon rannpháirtíocht ón earnáil phríobháideach bunaithe ar na téarmaí ná ar na coinníollacha seo.

Tá sé tugtha le fios ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Herman Van Rompuy, go mbeidh léiriú ar chinneadh an lae inniu sa togra maidir le hathrú teoranta ar an gconradh, togra atá le cur os comhair na Comhairle Eorpaí aige ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici."

**IARSCRÍBHINN III**

## RÁITEAS Ó CHEANNAIRÍ STÁIT NÓ RIALTAIS AN LIMISTÉIR EURO AGUS Ó INSTITIÚIDÍ AN AE

**Chuir Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro agus institiúidí an Aontais Eorpaigh** in iúl go soiléir, mar a leagtar amach thíos, go bhfuil siad ullamh le cibé ní is gá a dhéanamh a dhéanamh chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a áirithiú. Is cuid lárnach é an euro de lánpháirtiú na hEorpa agus beidh sé ina chuid lárnach i gcónaí. D'iarr na Ceannairí, go háirithe, go ndéanfaí gníomh daingean sna réimsí seo a leanas:

a) **Na cláir atá ann cheana a chur chun feidhme go hiomlán:** cuirimid fáilte roimh an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le clár na Gréige a chur chun feidhme mar aon leis an gclár coigeartaithe a comhaontaíodh maidir le hÉirinn, lena n-áirítear glacadh bhuiséad 2011.

b) **Dílseacht don fhreagracht fhioscach:** táimid go léir tiomanta na moltaí maidir leis an mbeartas buiséadach a chur chun feidhme go docht, na spriocanna fioscacha do 2010 agus 2011 a lánurramú, agus easnaimh iomarcacha a cheartú laistigh de na spriocdhátaí a comhaontaíodh.

c) **Dlús a chur le hathchóirithe struchtúrtha a chuidíonn leis an bhfás:** tá rún daingean againn athchóirithe struchtúrtha a bhrostú d'fhonn cur leis an bhfás.

d) **An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a neartú agus an creat nua macrafhaireachais a chur chun feidhme** ó shamhradh na bliana 2011 ar aghaidh.

e) **A áirithiú go mbeadh tacaíocht airgeadais leordhóthanach ar fáil tríd an EFSF go dtí go dtiocfaidh an buansásra i bhfeidhm:** tá sé tugtha ar aird againn nár gealladh ach suim an-teoranta ón EFSF chun tacú le clár na hÉireann.

f) **An córas airgeadais a neartú tuilleadh** i dtaca leis an gcreat rialúcháin agus leis an gcreat maoirseachta araon chomh maith le tástálacha nua struis a chur i gcrích in earnáil na baincéireachta.

g) **Tacaíocht iomlán a thabhairt do ghníomhaíocht an BCE:** tacaímid leis an BCE maidir leis an bhfreagracht neamhspleách atá air cobhsaíocht praghasanna a áirithiú, ionchais maidir le boilsciú a choimeád faoi smacht agus ar an gcaoi sin cuidiú le cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro. Táimid tiomanta neamhspleáchas airgeadais bhainc cheannais an Eorachórais a áirithiú.

Forbrófar gnéithe den straitéis seo tuilleadh sna míonna atá amach romhainn mar fhreagairt chuimsitheach ar aon dúshlán a bheidh orainn, mar chuid dár rialachas nua eacnamaíoch.